



Aide-mémoire – an tIarratas

Meán Fómhair 2024

Is treoir phraiticiúil é an doiciméad seo, arna ullmhú ag Clárann na Cúirte Ginearálta agus níl sé uileghabhálach. Ní mór do na páirtithe tagairt a dhéanamh do Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta agus ar na Rialacha Cleachtais maidir le cur i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, téacsanna barántúla, d'aon fhaisnéis faoi na Rialacha Nós Imeachta.

Faisnéis Ghinearálta

1. **Seoladh** fheidhmchláir **e-Curia**: <https://curia.europa.eu/e-Curia>
2. **Teimpléid iarratais**: teimpléid iarratais do 'chaingne díreacha' seachas iad siúd a bhaineann le cearta maoine intleachtúla agus do na caingne a bhaineann le cearta maoine intleachtúla ar fáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoin gceannteideal 'An Chúirt Ghinearálta/Nós Imeachta'¹.
3. **An t-iarratas a ullmhú**: Is féidir téacs an iarratais, lena n-áirítear clár ábhar agus sceideal na n-iarscríbhinní, a shábháil go díreach i bhformáid PDF ó bhogearra próiseálaithe téacs, gan scanadh a dhéanamh².
4. **Na hianscríbhinní a ullmhú**: ní mór do na hianscríbhinní a bheith i gcomhad amháin nó níos mó, ar leithligh ón gcomhad ina bhfuil téacs an iarratais agus sceideal na n-iarscríbhinní. Is féidir roinnt iarscríbhinní a chur i gcomhad amháin. Níl aon oibleagáid ann comhad a chruthú le haghaidh gach iarscríbhinn. Moltar na hianscríbhinní a chur isteach in ord méadaitheach le linn an taiscthe agus iad ainmnithe go sách soiléir (mar shampla: iarscríbhinní A.1 go A.3, iarscríbhinní A.4 go A.6, etc.)³.

¹ Mír 173 de na Rialacha Cleachtais.

² Mír 122, an dara fleasc, de na Rialacha Cleachtais.

³ Mír 122, an ceathrú fleasc, de na Rialacha Cleachtais.

LEAGAN AMACH AN IARRATAIS⁴

- ☐ **Leagan amach na leathanach:** ar pháipéar bán gan línte, i bhformáid A4.
- ☐ **Téacs:** i gcló coitianta (amhail Times New Roman, Courier nó Arial) de mhéid 12 phointe ar a laghad, le spásáil aon líne agus imill 2.5 cm ar a laghad ar bharr, ar bhonn, ar thaobh na láimhe clé agus ar thaobh na láimhe deise den leathanach.
- ☐ **Fonótaí:** i gcló coitianta (amhail Times New Roman, Courier nó Arial) de mhéid 12 phointe ar a laghad, le spásáil aon líne. Ní mór argóintí dlíthiúla na bpáirtithe a áireamh i gcorp an doiciméid nós imeachta, ní sna fonótaí a bhfuil mar chuspóir acu go príomha tagairt a dhéanamh do na doiciméid dá dtagraítear sa doiciméad nós imeachta.
- ☐ **Uimhriú leathanach** leanúnacha.
- ☐ **Uimhriú na míreanna** go leanúnach agus in ord méadaitheach.

Líon uasta na leathanach⁵:

- ☐
 - **50** leathanach don iarratas más caingean dhíreach í seachas caingean arna thaisceadh de bhun Airteagal 270 CFAE nó caingean a bhaineann le cás maoine intleachtúla;
 - **25** leathanach don iarratas más caingean í arna thaisceadh de bhun Airteagal 270 CFAE;
 - **20** leathanach don iarratas más caingean í a bhaineann le cás maoine intleachtúla.

INNEACHAR AN IARRATAIS⁶

- ☐ **Teideal na pléadála:** 'Iarratas'.
- ☐ **Ainmniú an iarratasóra/na n-iarratasóirí:** Ainm nó ainmneacha agus sainchónaí nó sainchónaithe an iarratasóra nó na n-iarratasóirí [duine nádúrtha nó daoine nádúrtha] / ainm agus oifig cláraithe an iarratasóra nó na n-iarratasóirí [duine dlítheanach nó daoine dlítheanacha].
- ☐ **Ainmniú an ionadaí/na n-ionadaithe:** ainm nó ainmneacha – teideal – seoladh.

⁴ Míreanna 109, 111 agus 156 de na Rialacha Cleachtais.

⁵ I gcomhréir le mír 158 de na Rialacha Cleachtais, ní chuirtear sceideal na n-iarscríbhinní ná an chlár ábhair san áireamh chun líon iomlán leathanaigh an iarratais a chinneadh.

⁶ Airteagail 76 agus 117 de na Rialacha Nós Imeachta, mír 108 de na Rialacha Cleachtais.

☐ **Ainmniú an chosantóra:**

I gcás caingne díreacha: an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht is cosantóir iad nó, i gcás ina bhfuil an t-achomharc bunaithe ar chlásal eadrána, an duine nádúrtha nó dlítheanach i gcás inarb iomchuí.

I gcásanna maoine intleachtúla: an Oifig is cosantóir í (Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh nó an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí), ainm nó ainmneacha aon pháirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, an seoladh nó na seoltaí ar shonraigh an páirtí nó na páirtithe sin chun críocha na bhfógraí os comhair na hOifig, i.e. ainm agus seoladh ionadaí an pháirtí nó na bpáirtithe sin, agus an dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh an Bhoird Achomhairc.

STRUCHTÚR AN IARRATAIS⁷

- ☐ **Réamhrá:** ábhar na díospóide, an cineál caingne, an bunús.
- ☐ **Achoimre ghairid ar an struchtúr nó ar chlár ábhar,** más níos faide ná 5 leathanach.
- ☐ **Achoimre ghairid ar na fíorais agus ar na forálacha ábhartha** atá riachtanach chun na saincheisteanna dlí sa chaingean a thuiscint.
- ☐ **Argóintí dlíthiúla** arna struchtúru de réir na saincheisteanna dlí ar a bhfuiltear ag brath (maidir le hinghlachtacht, más infheidhme, agus maidir leis an mbunús) agus **teidil amháin a shannadh do gach ceann de na saincheisteanna dlí ar a bhfuiltear ag brath.**
- ☐ An t-ordú atá á lorg a shonrú go beacht (ag tús nó ag deireadh an iarratais)⁸.

⁷ Míreanna 110, 113, 162 go 165 agus 184 de na Rialacha Cleachtais.

⁸ Má tá an t-ordú atá á lorg ag tús agus ag deireadh an iarratais, ní mór don údar a chinntiú go bhfuil siad comhionann.

LEAGAN AMACH NA N-IARSCRÍBHINNÍ⁹

Ní féidir a cheangal leis an gcaingean ach na doiciméid a luaitear i dtéacs an doiciméid sin dá dtagraítear sa sceideal iarscríbhinní a bhfuil gá leo chun inneachar an doiciméid sin a chruthú nó a léiriú.

Ba cheart do na páirtithe a bheith críochnúil agus na doiciméid ábhartha á roghnú acu chun críocha na díospóide. Ní gá cásdlí Chúirteanna an Aontais Eorpaigh agus gníomhartha a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, dá dtagraítear sna doiciméid nós imeachta, a thabhairt ar aird ach amháin i gcás gurb gníomh é a bhfuil a neamhniú á iarraidh.

- ☐ **Sceideal na n-iarscríbhinní** ag deireadh an iarratais ina bhfuil seo a leanas (i) uimhir na hiarscríbhinne, (ii) tuairisc ghairid ar an iarscríbhinn, (iii) léiriú ag tús agus ag deireadh na hiarscríbhinne de réir uimhriú leanúnach na leathanach den iarscríbhinní, agus (iv) léiriú ar uimhir na míre ina luaitear an iarscríbhinn den chéad uair agus lena dtugtar údar dá tabhairt ar aird.
- ☐ **Uimhriú na n-iarscríbhinní:** Trí litir nó uimhir a úsáid. Le haghaidh na n-iarscríbhinní leis an iarratas, úsáid iarscríbhinn A.1, iarscríbhinn A.2, ...
- ☐ **Uimhreacha leathanaigh na n-iarscríbhinní:** moltar iarscríbhinní a thosú le leathanach clúdaigh ar leith; ní mór na hiarscríbhinní a uimhriú go leanúnach ón gcéad leathanach den chéad iarscríbhinn (ní de sceideal na n-iarscríbhinní nach mór iad a uimhriú leis an iarratas), lena n-áirítear na leathanaigh chlúdaigh agus aon iarscríbhinn leis na hiarscríbhinní.
- ☐ **Iarscríbhinní i dteanga an cháis** (mura gcuirtear an t-aistriúchán ar fáil, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta é a iarraidh).

IARSCRÍBHINNÍ ÉIGEANTACHA¹⁰

- ☐ **Ní mór don dlíodóir atá ag déanamh ionadaíocht do pháirtí nó ag tabhairt cúnamh do ghníomhaire** doiciméad a chur ar fáil lena léirítear go bhfuil sé údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirt de chuid Ballstáit nó de chuid Stát eile is páirtí sa Chomhaontú maidir leis a Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, mura bhfuil doiciméad den sórt sin taiscthe cheana chun cuntas rochtana e-Curia a oscailt¹¹.

⁹ Míreanna 115, 117, 118 agus 127 de na Rialacha Cleachtais.

¹⁰ Ní gá tagairt a dhéanamh i sceideal na n-iarscríbhinní do na doiciméid fhoirmiúla dá bhforáiltear in Airteagal 51(2) agus (3) agus in Airteagal 78(4) de na Rialacha Nós Imeachta, is féidir iad a thugtar in aird ar leithligh. Má thugtar na doiciméid fhoirmiúla ar aird mar iarscríbhinn a ghabhann leis an iarratas, áfach, ní mór iad a chur san áireamh i sceideal na n-iarscríbhinní.

¹¹ Airteagal 51(2) de na Rialacha Nós Imeachta.

☐ **Más duine dlítheanach faoi rialú an dlí phríobháidigh é an t-iarratasóir, ní mór don dlíodóir, ina theannta sin, na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird:**

- cruthúnas go bhfuil stádas dlítheanach ag an duine dlítheanach (sliocht as clár na gcuideachtaí, clár na ngnólachtaí nó aon doiciméad oifigiúil eile)

agus

- údarás chun gníomhú¹².

☐ Ní mór don ionadaí, de réir mar a bheidh, na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird¹³:

- **an gníomh a n-iarrtar a neamhniú** (caingean le haghaidh neamhniú), lena n-áirítear i gcás inar foilsíodh an gníomh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

nó

- **an doiciméad lena léirítear dáta an iarrata chun gníomhú** (caingean maidir le mainneachtain gníomhú)

nó

- **an gearán de réir bhrí Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne**, chomh maith leis an **gcinneadh arna thabhairt ar an ngearán sin** (caingean arna thaisceadh de bhun Airteagal 270 CFAE) le léiriú ar na dátaí a rinneadh an gearán agus a seirbheáladh an cinneadh

nó

- **an conradh** ina bhfuil an clásal eadrána lena mbunaítear dlínse na Cúirte Ginearálta (caingean arna thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 272 CFAE de bhun clásal eadrána).

¹² Airteagal 51(3) agus Airteagal 78(4) de na Rialacha Nós Imeachta.

¹³ An dara mír d'Airteagal 21 den Reacht; Airteagal 78(2) agus (3) de na Rialacha Nós Imeachta.

ACHOIMRE AR NA SAINCHEISTEANNA DLÍ AGUS PRÍOMHARGÓINTÍ¹⁴

- ☐ I ngach cás, ach amháin i gcásanna maoine intleachtúla, ní mór don ionadaí **achoimre a dhéanamh ar na saincheisteanna dlí agus na príomhargóintí**, ar mhaith le dréachtú an fhógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a éascú.

Iarrtar an méid seo a leanas a áirithiú maidir leis an achoimre:

- í a thabhairt ar aird ar leithligh ó chorp an iarratais agus ó na hiarscríbhinní dá dtagraítear san iarratas;
- a choimeád faoi bhun dhá leathanach;
- í a dhréachtú i dteanga an cháis;
- cloí leis an teimpléad atá ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoin gceannteideal 'Cúirt Ghinearálta/Nós Imeachta';
- í a sheoladh trí e-Curia tráth a thaisctear an t-iarratas.

TÁBLA LENA GCUIRTEAR LIOSTA NA N-IARRATASÓIRÍ LE CHÉILE¹⁵

- ☐ I ngach cás, ach amháin i gcásanna maidir le cearta maoine intleachtúla, ní mór **tábla ina bhfuil liosta na bpáirtithe sin** a chur isteach in aon **iarratas a chuirtear isteach ag níos mó ná deichniúr iarratasóirí**.

Iarrtar an méid seo a leanas a áirithiú maidir leis an tábla seo:

- céadainm, sloinne, baile cónaithe agus tír chónaithe gach iarratasóra a lua i gcolún ar leith;
- í a dhréachtú i dteanga an cháis;
- cloí leis an teimpléad atá ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoin gceannteideal 'An Chúirt Ghinearálta/Nós Imeachta' - Teimpléad iarratais le haghaidh 'caingne díreacha' seachas iad siúd a bhaineann le cearta maoine intleachtúla;
- í a sheoladh trí e-Curia tráth a thaisctear an t-iarratas agus í a sheoladh freisin trí ríomhphost, i bhfoirm comhad leictreonach arna dhréachtú le bogearraí scarbhileoige, chuig seoladh ríomhphoist na Clárlainne (GC.Registry@curia.europa.eu), agus an cás dá dtagraítear sé nó an uimhir thaiscthe arna tabhairt in e-Curia agus an t-iarratas a chur isteach.

¹⁴ Míreanna 167 agus 168 de na Rialacha Cleachtais.

¹⁵ Míreanna 169 agus 170 de na Rialacha Cleachtais.